

Preaseisiúint FRA

Vín, 19 Samhain 2019

Imircigh óga: An bhfuil glúin chailte á cruthú ag an Eoraip?

Mar gheall ar mhoilleanna agus ar dhúshláin thromchúiseacha le dídeanaithe óga atá tar éis teitheadh ó chogadh agus ó ghéarleanúint a imeascadh, tá baol ann go gcruthófar glúin chailte, de réir tuarascáil nua ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA). Cé go sainaithnítear roinnt dea-chleachtas, moltar do Bhallstáit foghlaim óna chéile chun deis leordhóthanach sa saol a thabhairt do na daoine óga sin.

"Oibríonn an AE agus a chuid Ballstát go dian chun aghaidh a thabhairt ar an imirce ar fud na hEorpa, agus dúshláin thromchúiseacha rompu i ndáil le daoine atá ag teacht isteach a imeascadh, daoine óga ach go háirithe. Ach níl na dúshláin sin dosháraithe," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "Léiríonn samplaí éagsúla conas is féidir le cinntí beartais cliste agus stuama cuid mhór a dhéanamh chun bacainní a shárú. Ní mór do lucht déanta beartas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE araon glacadh le straitéisí den chineál sin ionas go mbeidh an glúin seo ina lánbhaill dár sochaí."

Bunaithe ar agallaimh le os cionn 160 dídeanaithe agus le 400 oibrithe túsline, sainaithnítear i dtuarascáil ['Integration of young refugees in the EU'](#) ó FRA bacainní tromchúiseacha sna chuir chuige atá ann faoi láthair maidir le himeascadh imirceach do dhaoine óga idir 16 agus 24 bliain d'aois. Leagtar béim inti freisin ar [dhea-thionscnaimh bheartais áitiúla](#) ó gach tír. Mar shampla:

- tacaíocht airgeadais do chóiríocht aonair iarratasóirí ar thearmann atá mar chuid den chóras glactha, i Vín, an Ostair;
- tacaíocht mhear imeasctha le dul isteach i margadh an tsaothair sa tSualainn;
- scéim chúnamh airgeadais faoin Ráthaíocht don Aos Óg atá ar fáil do dhídeanaithe óga sa Fhrainc;
- aip mhóibíleach i seacht dteanga ar an saol sa Ghearmáin.

Iarrann FRA ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **dlús a chur le nósanna imeachta tearmainn:** I bhfianaise go nglactar, ar an meán, dhá bhliain chun an nós imeachta tearmainn a chur i gcrích agus cead cónaithe a fháil, leagtar béim ar an ngá atá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna chun éilimh a phróiseáil in am. Ligfeadh sé sin d'iarratasóirí a bhfuil an-deis acu formheas a fháil chun tús a chur lena n-imeascadh a luaithe is féidir;
- **teorainn a chur le maorlathas chun teaghlaigh a athaontú:** B'éigean do bhaill teaghlaigh turais chostasacha a dhéanamh trí réigiúin léirscriosta ag cogaíocht chun an ambasáid is gaire dóibh a bhaint amach i dtír chomharsanach chun iarratas a dhéanamh. Tá rialacha athaontaithe teaghlaigh atá tapa agus inacmhainne ag teastáil;
- **tithíocht cheart a sholáthar:** Mhair roinnt daoine ar na sráideanna le linn an nós imeachta tearmainn ar fad. Ba cheart do bheartais tithíochta dídeanaithe coinneáil suas le buaic-líonta isteach, agus freastal ar riachtanais oideachais agus fostaíochta chun an cur isteach mar gheall ar athlonnú a íoslaghdú;
- **cúram sláinte meabhrach a fheabhsú:** Níl dídeanaithe a bhfuil tráma orthu cheana féin in ann codladh, ól nó ithe agus iad ag fanacht lena bpróiseáil. Chuige sin, ní mór fadhbanna meabhairshláinte a shainaithint, a tharchur agus a chóireáil go tapa agus go héifeachtúil, lena n-áirítear oiliúint d'oibrithe túsline;
- **feabhas a chur ar oideachas:** Bíonn ar roinnt leanaí fanacht bliain amháin chun freastal ar scoil éigeantach. Ní mór leanaí a bheith i gcórais phríomhshrutha oideachais a luaithe is féidir. Rochtain luath ar oideachas, ar ghairmoiliúint agus ar fhostaíocht a

thabhairt d'iarraitasóirí tearmainn ionas nach féidir le coirpigh iad a bhrú isteach i saol coireachta.

Faisnéis chúlra

Idir 2015 agus 2018, tugadh cosaint idirnáisiúnta do bheagnach 2 mhilliún duine san Aontas Eorpach. Tá dlí an Aontais Eorpaigh soiléir agus tá dualgas ar Bhallstáit AE dídeanaithe a chosaint. Tá maoiniú AE ar fáil freisin chun tacú lena gcomhtháthú. Ach tá an staid ar an talamh an-mhíchothrom ar fud na mBallstát.

Bíonn na fadhbanna sin níos measa fós nuair a bhíonn dídeanaithe óga 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil na líonraí tacaíochta a raibh siad ag brath orthu roimhe ann níos mó, in amanna.

Nótaí d'eagarthóirí:

- Baintear leas sa tuarascáil as agallaimh i 15 láthair i sé cinn de Bhallstáit AE: An Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil agus an tSualainn.
- Tá ráitis ó agallaimh le [dídeanaithe](#) agus le [hoibrithe túslíne](#) ar fáil ar líne.
- Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642.